An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Nochtadh Cosanta Tuarascáil Bhliantúil

2023

## Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta faighte ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2023

Faoi Alt 22(5) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (an tAcht) ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na n-uaireanta a fuarthas nochtadh cosanta sa bhliain roimhe sin agus an gníomh a rinneadh (más ann). Níor cheart go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil.

Seo í tuarascáil na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Tar éis an reachtaíocht nua um Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach ar an 1 Eanáir 2023 agus mar a cheanglaítear leis an Acht, bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cainéal tiomnaithe tuairiscithe inmheánach chun cabhrú leis an bhfoireann éagóir fhéideartha a thuairisciú. Chomh maith leis sin, tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag an Roinn chun cabhrú leis an bhfoireann tuarascáil a dhéanamh.

In 2023 fuarthas tuarascáil amháin ar nochtadh cosanta féideartha trí bhealach tuairiscithe inmheánach na Roinne agus sheol Oifig an Choimisiúin um Nochtadh Cosanta (OPDC) sé thuarascáil eile chuig an Roinn.

Go hachomair ba iad na hábhair a ardaíodh ná;

- Chuir OPDC tuarascáil chuig an Aire ó iarfhostaí de chuid comhlachta atá faoi shainchúram na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, faoi bhráid na Roinne. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus dúnadh an tuarascáil mar thuarascáil athráiteach faoi Alt 10 den Acht.

- Chuir OPDC tuarascáil gan ainm faoi bhráid na Roinne, inar líomhnaíodh mírialtachtaí ag cuideachta phríobháideach arna cómhaoiniú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus chinn sí nár nochtadh cosanta a bhí san ábhar seo de réir bhrí an Achta.

- Comhfhreagras a chuir an OPDC faoi bhráid na Roinne ó bhall den phobal a thagair d'ábhar a raibh baint ag Oifig de chuid na Roinne leis. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus chinn sí nár nochtadh cosanta a bhí san ábhar seo de réir bhrí an Achta.

- Chuir OPDC tuarascáil gan ainm faoi bhráid na Roinne, inar líomhnaíodh mírialtachtaí ag cuideachta phríobháideach arna cómhaoiniú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus chinn sí nár nochtadh cosanta a bhí san ábhar seo de réir bhrí an Achta.

- Comhfhreagras chuig an Roinn inar cuireadh gníomhaíocht chalaoiseach fhéideartha i leith Cuideachta Stáit. Níorbh fhéidir aon éagóir inaitheanta a aimsiú

maidir le haon chomhlacht faoi shainchúram na Roinne seo. Dúnadh an tuarascáil agus cuireadh an duine tuairiscithe ar an eolas.

- Comhfhreagras a chuir an OPDC faoi bhráid na Roinne ó bhaill de Cheardchumann maidir le saincheisteanna rialachais laistigh do Cheardchumann. Rinne an Roinn measúnú ar an tuarascáil agus chinn sí nach raibh aon sainchúram ar an Aire na hábhair a ardaíodh a fhiosrú. Cuireadh an tuarascáil ar ais chuig Oifig an Choimisiúin um Nochtadh Cosanta a d'aontaigh nár luigh an t-ábhar lena mbaineann an tuarascáil faoi shainchúram na Roinne.
- Chuir OPDC tuairisc gan ainm faoi bhráid na Roinne, inar maíodh gníomhaíocht chalaoiseach fhéideartha a bhaineann le daoine aonair a úsáideann an córas Ceadanna Fostaíochta. Lorg an Roinn faisnéis bhreise ón duine tuairiscithe agus tá sí ag fanacht leis an bhfaisnéis sin chun a fháil amach an bhfuil fianaise prima facie ann chun an tuarascáil a chur chun cinn.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta ó oibrithe na Roinne sa tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo.

Feabhra 2024